



OÉ Gaillimh  
NUI Galway

Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí  
Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh



# MA/Diplóma Iarchéime sa Nua-Ghaeilge

## Cur síos ar an gcúrsa

Is é aidhm an chúrsa seo sároiliúint a chur ar an mac léinn i dTeanga, i Léann agus i Litríocht na Nua-Ghaeilge. Leagtar béim ar fhorbairt scileanna taighde, anailíse agus cumarsáide. Cuireann an chéim seo ar chumas an mhic léinn feidhmiú go gairmiúil agus go héifeachtach i saol oibre na Gaeilge. Ullmhaíonn sé an mac léinn chomh maith chun leanúint le Léann na Gaeilge ag leibhéal na dochtúireachta. Tá an Diplóma Iarchéime/MA sa Nua-Ghaeilge ar fáil go lánaimseartha nó go páirtaimseartha.

Is fada Léann na Gaeilge á shaothrú in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Is buntáiste sonrath do mhic léinn iarchéime na Nua-Ghaeilge go bhfuil an ollscoil suite ar thairseach na Gaeltachta agus gur timpeallacht lán-Ghaeilge atá in ionad seachadta an chúrsa in Áras na Gaeilge.

## MA/Diplóma Iarchéime sa Nua-Ghaeilge

Iarratas ar líne: [www.pac.ie/nuigalway.ie](http://www.pac.ie/nuigalway.ie)

Cód PAC: GYA56 (lánaimseartha), GYA57 (páirtaimseartha)

Leibhéal an chúrsa: 9

Ualú ECTS: 90

Fad an chúrsa: Bliain amháin, lánaimseartha; dhá bhliain, páirtaimseartha

Riachtanais iontrála: Céim dara honóracha 2.2 (ag leibhéal a 8) le 2.1 sa Ghaeilge.

Táille: <http://www.nuigalway.ie/fees/>

Modh staidéir: Múinte

Líon áiteanna: Neamhtheoranta

Dáta tosaithe: An chéad Luan de Mheán Fómhair gach bliain



## MA/Dioplóma Iarchéime sa Nua-Ghaeilge

### Ceithre chuid atá sa Mháistreacht:

1. Cúrsa i dTeanga na Nua-Ghaeilge (10 ECTS)
2. Cúrsa i Modhanna Taighde (10 ECTS)
3. Ceithre chúrsa ar Litríocht agus Léann na Gaeilge (10 ECTS an ceann)
4. Tráchtas 15,000-20,000 focal (30 ECTS)

### Litríocht agus Léann na Gaeilge

Is gá do mhic léinn an dá chúrsa seo a dhéanamh:

- Teanga, Coimhlint agus Cumhacht
- Teoiricí Liteartha agus Cultúir

Roghnóidh siad dhá chúrsa eile ón liosta seo:

- An Athbheochan
- An Inscne agus an Ghnéasúlacht
- An Dúchas agus an Duine
- An Bhéalaireacht agus na Taibhealaíona

### Deiseanna gairme

I measc na ngairmeacha atá ag ár gcéimithe tá na réimsí seo a leanas:

- Earnáil na Gaeilge agus na Gaeltachta
- Gairmeacha acadúla agus taighde
- Oideachas
- Foilsitheoireacht
- Na meáin chumarsáide
- Teagasc na Gaeilge
- Na tionscail chultúrtha agus oidhreacht

### Próifil mac léinn



“Osclaíonn an MA sa Nua-Ghaeilge doirse ó thaobh deiseanna oibre i saol na Gaeilge. Maidir le scileanna praiticiúla, chuir mé barr feabhais ar mo chuid scileanna scríofa agus labhartha, rinne mé forbairt ar mo chumas anailíse agus ag an am céanna chuir mé eolas cuimsitheach ar chultúr, ar shaol agus ar thraidisiún na Gaeilge”.

### Gearóidín de Bhailís Múinteoir



“Thugas faoin MA sa Nua-Ghaeilge sa bhliain 2013 tar éis dom a bheith imithe as an gcóras oideachais ar feadh roinnt mhaith blianta. I mo shaol gairmiúil mar iriseoir is gá scagadh agus póirseáil a dhéanamh ar eolas. Go minic, is gá an t-eolas atá ar leas an phobail a aithint, a scaradh ó eolas eile agus a chur in iúl don ghnáthdhuine ar shlí atá sothuigte. Tairbhe as cuimse a bhí san MA sa Nua-Ghaeilge chun mo chuid scileanna teanga agus anailíse a fhorbairt. Ba luachmhar an taithí chomh maith gur leagadh béim ar scileanna cur i láthair mar chuid den Mháistreacht”.

### Micheál Ó Leidhin Iriseoir

[www.nuigalway.ie/gaeilge](http://www.nuigalway.ie/gaeilge)

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

Fiona de Paor F +353 91 492 564 E [fiona.depaor@nuigalway.ie](mailto:fiona.depaor@nuigalway.ie)